## Clárú

### An fhoirm don chlárú a líonadh isteach

Chun tionscnamh beartaithe a chlárú, ní mór do na heagraithe foirm chlárúcháin a thíolacadh ar líne. Ní féidir níos mó ná 800 carachtar (gan spásanna san áireamh) a bheith i bpríomh-ábhar an tionscnaimh atá beartaithe.

### Deimhniú agus foilsiú

Laistigh de dhá mhí ón iarratas, agus má dhéantar na coinníollacha go léir a chomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi chlárú an tionscnaimh atá beartaithe, dáta oifigiúil an chláraithe san áireamh. Ar an dáta sin, cuirfidh an Coimisiún an tionscnamh ar fáil go poiblí sa chlár agus seolfaidh sé deimhniú chuig na heagraithe.

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach na haistriúcháin ar an gcur síos 800 carachtar ar an tionscnamh ar fáil do na heagraithe ansin. Ní féidir le heagraithe ráitis tacaíochta a bhailiú bunaithe ar leagan teanga ach amháin nuair a bheidh sé foilsithe i gclár an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Ní mór faisnéis a bhaineann le gach foinse tacaíochta agus maoinithe a fhaightear i rith an fheachtais, ar fiú breis agus €500 sa bhliain in aghaidh an urra iad, a chur ar fáil go rialta le linn an nós imeachta.

Má dhiúltaíonn an Coimisiún an tionscnamh a chlárú, cuirfidh sé na heagraithe ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis sin agus faoi aon réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann.

> **Leideanna**
>
> → Nuair a bheidh do thionscnamh cláraithe, is féidir é a bhainistiú trí do chuntas slán ar an láithreán gréasáin don chlárú. Tá eolas ansin faoi na chéad chéimeanna eile, agus is féidir na haighneachtaí éagsúla a bhainistiú agus fanacht i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach.
>
> → Chun go bhfoilseofar na haistriúcháin, beidh ort iad a uaslódáil trí do chuntas d'eagraithe. Ná cuir am ar bith amú – déan láithreach é tar éis chlárú do thionscnaimh!

Tá tuilleadh eolais faoin ullmhú agus clárú le fáil i bhFóram an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ar láithreán gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

## An córas bailithe ar líne

Más mian le heagraithe ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne (agus beidh formhór acu á iarraidh sin), ní mór dóibh córas bailithe ar líne a thógáil atá i gcomhréir le roinnt sonraíochtaí teicniúla, agus iarratas a dhéanamh é a dheimhniú sa Bhallstát ina bhfuil na sonraí le stóráil. Laistigh de mhí, fíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil an reachtaíocht ábhartha á comhlíonadh agus eiseoidh sé deimhniú. Ní mór d'eagraithe an deimhniú a thaispeáint ar an láithreán gréasáin a úsáidtear dá gcóras.

Cuireann an Coimisiún bogearraí agus óstáil ar fáil don chóras saor in aisce. Tá na bogearraí ar fáil le híoslódáil tráth ar bith agus is féidir iad a úsáid ar chórais a óstálann an Coimisiún nó ar fhreastalaithe príobháideacha.

> **Leideanna**
>
> → Bí ar an eolas: ní féidir tosú ar an ullmhú chun óstáil an Choimisiúin a úsáid ach amháin nuair a bheidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún faoi chlárú do thionscnaimh.
>
> → Más mian leat do chóras bailithe ar líne féin a chur ar bun (i.e. ceann nach bhfuil ar fhreastalaithe an Choimisiúin), moltar duit deimhniú a bheith faighte ina leith sula mbeidh do thionscnamh cláraithe. Tosaíonn an tréimhse 12 mhí chun sínithe ar an bpointe boise a mbeidh an tionscnamh cláraithe ag an gCoimisiún!

